C/2025/5426

8.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12168 — PERMIRA / GA / PROPERTY FINDER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5426)

1. An 30 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Permira Holdings Limited ('Permira', Geansaí),

— General Atlantic PF B.V. ('GA', an Ísiltír),

— Property Finder International Ltd ('Property Finder', Ógh-Oileáin na Breataine) atá faoi rialú comhpháirteach GA agus Michael Lahyani, náisiúnach de chuid na hEilvéise.

Gheobhaidh Permira, GA agus Mr Michael Lahyani rialú comhpháirteach ar Property Finder de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Permira a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta a sholáthar do roinnt cistí infheistíochta.

— Cuireann GA tacaíocht chaipitil agus straitéiseach ar fáil do chuideachtaí fáis i sé earnáil: an aeráid, tomhaltóirí, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, eolaíochtaí beatha, agus an teicneolaíocht.

— Tá Property Finder gníomhach ar ardán ar líne a nascann cuardaitheoirí maoine le gníomhairí, forbróirí agus tiarnaí talún gairmiúla. Tá sé gníomhach den chuid is mó in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus i dtíortha eile sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12168 — PERMIRA / GA / PROPERTY FINDER

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË